C/2026/5265

13.10.2026

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5265)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**'Lessona'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1191-AM02 — 16.7.2026**

1. **Ainm an táirge**

'Lessona'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

*Ainm*

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta – An Roinn Biafhlaithis agus Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Deimhnímid go gcomhlíonann an formheas ar an leasú caighdeánach seo agus an teachtaireacht maidir leis na coinníollacha chun leasú caighdeánach a fhormheas faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha a glacadh dá bhun sin.

Tagann an leasú sin faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

— níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— níl aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

*Teideal*

Méadú ar neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonchaor de réir toirte

*Tuairisc*

Méadaíodh íosneart alcóil nádúrtha na bhfíonchaor de réir toirte ó 11,50 % go dtí 12 %.

Baineann an leasú le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

*Teideal*

Rogha maidir le Lessona a tháirgeadh ar a bhfuil an téarma 'Vigna'

*Tuairisc*

Tugadh rogha isteach, i gcás na gcineálacha fíona ceadaithe uile, maidir le Lessona a tháirgeadh ar a bhfuil an téarma 'Vigna', a tháirgtear ó fhíniúnacha a aosaítear 3 bliana ar a laghad ó thráth an phlandaithe.

Baineann an leasú le hAirteagail 4 agus 7 den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú leis an roinn 'Ceanglais bhreise is infheidhme' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Aosú Lessona Riserva

*Tuairisc*

Laghdaíodh an tréimhse aosaithe le haghaidh Lessona Riserva ó 46 mhí go 42 mhí, agus fanann an íostréimhse aosaithe in adhmad mar an gcéanna.

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú sin leis an roinn 'Cleachtais fhíoneolaíocha' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

An dáta a cuireadh Lessona Riserva ar an margadh a thabhairt chun cinn

*Tuairisc*

Tugadh an dáta a cuireadh Lessona Riserva ar an margadh chun cinn 4 mhí, ón 1 Meán Fómhair go dtí an 1 Bealtaine, gach bliain.

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú sin leis an roinn 'Cleachtais fhíoneolaíocha' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Leasuithe eagarthóireachta ar an tsonraíocht táirge nach ndéanann difear d'ábhar an téacs

*Tuairisc*

Rinneadh leasuithe eagarthóireachta ar airteagail sa tsonraíocht táirge nach ndéanann difear d'ábhar an téacs. Leis na leasuithe sin, tugtar na tagairtí dlíthiúla cothrom le dáta, athraítear teidil na n-airteagal, áirítear liosta cuimsitheach, earráidí cearta eagarthóireachta nó cló (ráta eastósctha fíona agus téarmaí sa nasc leis an gcomhshaol).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

*Teideal*

Mionsonraí an chomhlachta rialúcháin a thabhairt cothrom le dáta

*Tuairisc*

Tar éis na leasuithe a rinneadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 le teacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, ní gá ainm agus seoladh na n-údarás nó na gcomhlachtaí a fhíoraíonn comhlíonadh fhorálacha na sonraíochta táirge agus a gcúraimí sonracha a léiriú a thuilleadh sa tsonraíocht táirge.

Thairis sin, le hAirteagal 40(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, ceanglaítear anois ar na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil, na gcomhlachtaí tarmligthe agus na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 39(3) den Rialachán sin a fhoilsiú le haghaidh gach táirge arna ainmniú le tásc geografach agus ní mór dóibh an fhaisnéis sin a choinneáil cothrom le dáta.

Dá bhrí sin, leasaíodh an t-airteagal ina bhfuil tagairtí don chomhlacht rialúcháin, agus cuireadh tagairt d'fhoilseachán ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise atá ann.

Baineann an leasú le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge.

Ní bhaineann an leasú leis an doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair

*Teideal*

Rogha chun tuairisc a thabhairt ar siollaí adhmaid

*Tuairisc*

Cuireadh isteach an fhoráil seo a leanas: 'Féadfar cur síos a dhéanamh ar fhíonta a stóráiltear i gcoimeádáin adhmaid mar fhíonta a bhfuil siollaí adhmaid orthu ó thaobh bolaidh de agus/nó ó thaobh blaise de.'

Baineann an leasú le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge.

Baineann an leasú leis an roinn 'Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon**

**'Lessona'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A1191-AM02 — 16.7.2026**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Lessona'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

*Táirge fíniúna*

Lesson ar a bhfuil an téarma Riserva freisin

*Tréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Daite: dath dearg an ghairnéid, lena mbaineann imireacha oráiste ón aosú

Dea-bholadh

Cumhracht: boladh saintréitheach a chuireann sailchuacha i gcuimhne, galánta agus dian

Blas

Blas: tirim, tainneach ar bhealach taitneamhach, deas lena mbaineann blas sainiúil, iarbhlas a mhaireann i bhfad

*Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha*

'Féadfar tuairisc a thabhairt ar fhíonta a stóráiltear i gcoimeádáin adhmaid mar fhíonta a bhfuil siollaí adhmaid orthu ó thaobh bolaidh de agus/nó ó thaobh blaise de.'

*Saintréithe anailíseacha*

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | — |
| Aigéadacht iomlán íosta: | 5.0 |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | — |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | — |

*Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha*

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 % freisin le haghaidh 'Lessona Riserva' ar a bhfuil an téarma 'Vigna'

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 22,0 g/l.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Aosú in adhmad

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór na fíonta seo a leanas a chur faoi thréimhse aosúcháin:

Lessona: 22 mhí, 12 mhí díobh in adhmad

Lessona Riserva: 42 mhí, 30 mí díobh in adhmad

Cleachtas fíoneolaíoch

Scaoileadh lena tomhailt

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Lessona: An 1 Meán Fómhair den dara bliain tar éis bhliain bhuain na bhfíonchaor.

Lessona Riserva: An 1 Bealtaine den cheathrú bliain tar éis bhliain bhuain na bhfíonchaor.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Lessona

Uastáirgeacht

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht: | 8 000 |
| Aonad uastáirgeachta: | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

Gach fíon / catagóir / cineál

Lessona Riserva

Uastáirgeacht

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht: | 7 200 |
| Aonad uastáirgeachta: | cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir |

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Nebbiolo N – Spanna

— Uva Rara N

— Vespolina N – Ughetta

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cumhdaíonn limistéar táirgeachta na bhfíonchaor atá beartaithe chun fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Lessona' acu críoch uile bhardas Lessona.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Catagóirí na dtáirgí fíniúna*

1. Fíon

*Tuairisc ar an nasc*

Tá limistéar táirgeachta Lessona lonnaithe i bPíodmant Uachtarach, agus is é an chuid thiar den limistéar sin é. Is fianaise iad taifid oifigiúla ón mbliain 1436 ar fhréamhacha stairiúla doimhne. Tá an chríoch suite ar stráice dríodair mhuirí atá suite ar charraig dhomhain phorfaire. Ithreacha gláracha sách scaoilte, agus gaineamh an-aigéadach, scothdhearg agus an-mhianrach. Tá an aeráid measartha séimh, agus tá foscadh éigin ann ón ngaoth aduaidh mar gheall ar Monte Rosa. Tá *terroir* Lessona an-oiriúnach do charachtar uasal chineál fíniúna Nebbiolo: feabhsaítear castacht aramatach na fíniúna le mianracht dhearg shainiúil, blas mianrach an-soiléir.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

Úsáid an téarma 'Vigna'

*An creat dlíthiúil*

Reachtaíocht náisiúnta

*Cineál an cheanglais / mhaolaithe breise*

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

*Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú*

Maidir le hainmniú fhíon 'Lessona' agus fhíon 'Lessona Riserva', féadfaidh an téarma 'Vigna' a bheith ag gabháil leis an ainmniúchán tionscnaimh agus an logainm ábhartha nó an t-ainm traidisiúnta ina dhiaidh, ar choinníoll:

— go dtagann na fíonchaora uile ón bhfíonghort céanna sin;

— go bhfuil an téarma ar an liosta réigiúnach iomchuí faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm;

— gurb iad na táirgeoirí a bhfuil sé beartaithe acu an téarma 'Vigna' a chur leis an ainm atá ann cheana 'Lessona Riserva' na táirgeoirí céanna a rinne fíonóireacht ar na fíonchaora agus a bhuidéalaigh an fíon;

— rinneadh fíonóireacht ar na fíonchaora agus aosaíodh an fíon i soithí ar leithligh, agus léirítear an téarma 'Vigna' agus an logainm ábhartha nó an t-ainm traidisiúnta ina dhiaidh sa tuarascáil ar tháirgeadh fíonchaor, sna cláir agus sna doiciméid a ghabhann leo;

— tá an téarma 'Vigna' agus an logainm ábhartha ina dhiaidh le feiceáil i gcarachtair 50 % nó níos lú de mhéid na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh.

**Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/24186